



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2021

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Staidéar Foirgníochta

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.


Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021




Staidéar Foirgníochta

Teoiric - Gnáthleibhéal

Nótaí: Tá nótaí agus grafaicí ann ar mhaithe le léiriú agus níl siad eisiach ná uileghabhálach, glactar le nótaí agus le grafaicí eile a bhaineann le hábhar mar fhreagraí agus tabharfar marcanna dóibh dá réir.

Ceist 1

(a) Cuid cheartingearach trí sceimhleacha an dín claonta agus tríd an mballa seachtrach.



Sonraíocht – gnáthshonra

- | | |
|---------------------------------------|--|
| • Sclátaí | • Inslíú áiléir |
| • Caolaigh 50 mm × 30 mm | • Téip aerdhíonach |
| • Scannán sceite | • Maide balla |
| • Rachtaí 200 mm | • Plástar inmheánach 13 mm |
| • Giarsa síleála | • 100 mm bloc coincréite duille istigh |
| • Claonfhleasc | • Dúntóir cuais |
| • Clár éadain | • Ballacheangal |
| • Tarr | • Cuas líonta go hiomlán |
| • An tAerú | • Bloc coincréite duille amuigh 100 mm |
| • Plástarchlár inslithe, críoch-chóta | • Rindreáil sheachtrach 19 mm. |

N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.

(b) Taispeáin ar an líníocht conas fáil réidh leis an uisce báistí ag na sceimhleacha.

Gáitéar sceimhleacha / fánphíobán.

Ceist 2

(a) **Dhá bhuntáiste a bhaineann le bunurlár nua a thógáil ina bhfuil ardleibhéal inslithe.**


- Níos fearr don timpeallacht
- Compord teirmeach méadaithe d'áititheoirí
- Laghdaítear billí fuinnimh
- Beidh an teach ar fad níos teo
- Feabhsaíonn sé an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER).

Glacfar le haon chúis oiriúnach eile.




(b) **Modh oiriúnach amháin chun bunurlar soladach nua a insliú.**

- Suiteálann tógálaithe ciseal de DPM/bac Radóin ar chiseal de bhacadh gainimh
- Suiteáiltear stiall d'insliú imlíne feadh na himlíne chun droicheadú teirmeach a chosc
- Socraítear cláir inslithe ar an DPM/bac Radóin
- Cuirtear cláir inslithe as bun a chéile go dlúth
- Déantar coinchréit a dhoirteadh ar bharr an inslithe chun an leac urláir a fhoirmiú.



Cineál inslithe

- Cláir chúr polaistiréine easbhrúite (EPS)
- Cláir inslithe polúireatáin
- Cláir Polyisocyanurate scragall-chlúdaithe (PIR)



An tiús inslithe

- Cláir inslithe 150 - 300 mm

(c) **Cineál oiriúnach urláir don chistin plean oscailte, agus tabhair dhá chúis le do rogha.**

Tíleanna	Éasca le glanadh. Dromchla sláinteach Buanfasach
Adhmad ceart	Aeistéitic Mothú nádúrtha Fuaimíocht níos fearr
Urlárlach lannach	Saor Éasca le suiteáil. Tapa le hathrú.
Coinchréit Shnasta	Marthanacht Gan chothabháil Buan
Cloch nádúrtha	Is féidir cloch áitiúil a úsáid chun teacht leis an gceantar Buanfasach Uiscefhriotaíocht


Glacfar le haon chineál urláir oiriúnach eile agus le cúis oiriúnach eile.

Ceist 3

- (a) **Píobobair chun uisce fuar a sholáthar ón bpríomhlíonra uisce go doirteal na cistine agus go dtí an t-umar stórála uisce.**

Gnáthshonraí:

- Soláthar príomhlíonra uisce
- Méadar uisce
- Comhla stoptha
- Príomhphíobán ardaitheach 15 mm
- Doirteal na cistine
- Ceangal le doirteal na cistine
- Comhla liathróide
- Umar stórála don uisce fuar
- Inslíú timpeall ar an umar stórála
- Forsceitheadh 28 mm
- Inslíú píobaire
- Comhlaí.



N.B. Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha.

- (b) **Dhá bhuntáiste a bhaineann le meadar uisce tí a shuiteáil.**

- Spreag caomhnú uisce
- Laghdaigh costas cóireála uisce mar gheall ar úsáid laghdaithe
- Taispeáin sceití agus ídiú i gcás go bhfuil an léamh méadair uisce ard
- Laghdaigh an bille um úsáid uisce.

Glacfar le haon chúis oiriúnach eile.

Ceist 4

(a) **Dhá chúis leis an riachtanas iarratas ar chead pleanála a chur isteach chun teach cónaithe nua a thógáil.**


- Lena áirithiú go gcomhlíonann struchtúir na rialacháin tógála reatha go léir
- Lena áirithiú nach ndéantar aon damáiste timpeallachta do cheantair áitiúla
- Cuireann sé an pobal ar an eolas faoi na forbairtí
- Rialaíonn sé dearadh, cruth, airde agus suíomh na bhforbairtí
- Chun pobail a sholáthar atá deartha ar bhealach níos fearr.

Glacfar le haon chúis oiriúnach eile.

(b) **Nótaí agus sceitsí saorláimhe, déan cur síos ar an eolas nach mór a bheith i ngach ceann de na doiciméid phleanála seo a leanas:**


fógra láithreáin

- Ainm an iarratasóra
- Uimhir thagartha an iarratais
- Cur síos ar an méid a bheidh san fhorbairt
- An áit ar féidir imscrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar na pleananna
- An dáta a cuireadh an fógra láithreáin suas.



léarscáil de shuíomh an láithreáin

- Sainaithin suíomh an tí chónaithe agus na gceantar áitiúil
- Scála idir 1:10560 agus 1:2500
- Ní mór teorainn an láithreáin a imlíniú i ndearg
- Suíomh na bhfoirgneamh in aice láimhe
- Suíomh an tuaiscirt.



Aon fhaisnéis bhailí eile

(c) **Buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le teach cónaithe a thógáil i mbaile.**

Buntáiste	Míbhuntáiste
Rochtain ar iompar poiblí	Caighdeán an aeir laghdaithe
Gan spleáchas ar charr príobháideach	Truailliú torainn
Fad siúil go dtí saoráidí poiblí	Cailleadh an naisc leis an dúlra
Rochtain ar sheirbhísí	Níos lú príobháideachta ó chomharsana
Rochtain ar chóireáil camrais phoiblí	Spás teoranta don láithreán, de ghnáth


Glacfar le haon bhuntáiste nó míbhuntáiste oiriúnach eile.

Ceist 5

(a) Cuid ingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog.

Sonraíochtaí:

- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Cuas inslithe líonta go hiomlán
- Ballacheangail
- Bloc coincréite duille istigh 100 mm
- Plástar inmheánach 13 mm
- Dúntóir cuais
- DPC
- Leac fuinneoige de choincréit réamhtheilgte
- Claisín / sileán
- Clár fuinneoige
- Téip aerdhíonach
- Fráma fuinneoige 120 × 80 mm
- Tríghloiniú.



Nótáil: Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair

(b) Gnáth-shonraíocht dearaidh chun teacht isteach taise a chosc ag leac na fuinneoige.

Leac claonta ag crochadh thar an rindreáil sheachtrach le claisín / sileán / clúdaithe in DPC.

Glacfar le haon mhionsonraí oiriúnacha eile.

Ceist 6

- (a) Taispeáin an comhartha sábháilteachta do gach ceann de na píosaí trealaimh cosanta pearsanta (PPE) seo a leanas.

Cúis shonrach amháin nach mór gach píosa trealaimh cosanta pearsanta a chaitheamh.



Veist shofheicthe

Tá oibrithe feiceálach ar an láithreán. Ligeann sé d'oibreoirí meaisíní oibrithe tógála a fheiceáil agus timpistí a sheachaint.

Buataisí sábháilteachta

Cosnaíonn sé oibrithe ó ábhair throma agus ó rudaí a thiteann agus a gcos á gortú.



Clogad sábháilteachta

Cosnaíonn sé oibrithe i gcoinne an tionchair ó rudaí agus ábhair a thiteann ó arda.




- (b) Dhá riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrithe tógála nuair a bhíonn siad ag obair i dtrinse domhain.

Rioscaí Féideartha:

- Titim isteach nó titim thaobhanna an trinse
- Trealamh ag titim isteach ar oibrithe
- Innealra ag titim isteach ar oibrithe
- Oibrithe ag titim agus iad ag dul isteach sa trinse nó ag teacht amach as an trinse
- Teagmháil a dhéanamh le seirbhísí faoin talamh.



Glacfar le haon riosca oiriúnach eile.



- (c) Taispeáin réamhchúram sábháilteachta amháin nach mór d'oibrithe a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad ag obair i dtrinse domhain ar láithreán tógála.

- Cuir taobhanna an trinse ar claon nó buail siar iad go dtí uillinn sábháilte chun na taobhanna a chobhsú agus stop a chur le titim
- Iompair ballaí an trinse le leathán/bosca trinse nuair a théann an doimhneacht níos mó ná 1.25 méadar chun titim na dtaobhanna a chosc
- Áirithigh go bhfuil ráillí cosanta agus fógraí creasa eisiaimh ann chun gaireacht meaisíní agus oibrithe a theorannú go dtí imeall an trinse
- Áirithigh go ndéantar ábhar tochairle a stóráil ag achar sábháilte ón trinse oscailte chun titim ábhar isteach sa trinse a chosc.

Glacfar le haon réamhchúram oiriúnach eile.




Ceist 7

- (a) Tarraing sceitse mór saorlámhe den dearadh a thugtar, agus taispeáin ar an sceitse conas a d'fhéadfaí an chistin a rochtain go díreach ón seomra suí.

Buntáiste amháin a bhaineann le rochtain ar an gcistin a chur san áireamh


- Níos tapa le dul isteach sa chistin chun béilí a ullmhú
- Spás níos mó don teaghlach chun teacht le chéile
- Is féidir le teas scaipeadh go saor idir na seomraí is mó a úsáidtear sa teach
- Tá spás ann don teaghlach a bheith le chéile agus tascanna éagsúla á ndéanamh acu.



- (b) Taispeáin na suíomhanna is fearr leat sa seomra suí do gach ceann díobh seo a leanas:

- Tolg (3 shuíochán)
- Tolg (2 shuíochán)
- Sorn
- Teilifíseán.

Tabhair fáth amháin le gach suíomh acu a roghnú.



Tolg (3 shuíochán)

- Suite chun radharc soiléir a thabhairt ar an teilifís agus ar an sorn
- Feistithe i gcoinne an bhalla chun an spás iomlán atá á úsáid a theorannú
- Tá spás sa seomra le haghaidh tábla caife.

Tolg (2 shuíochán)

- Suite chun radharc soiléir a thabhairt ar an teilifís agus in aice leis an sorn
- Suite ionas gur féidir leis na háititheoirí teacht le chéile
- Laghdaigh an méid solais a thagann isteach sa seomra.

Sorn

- Ar bhalla seachtrach chun múch a chur amach
- Lár an tseomra chun scaipeadh teasa a éascú
- Lár an tseomra ionas go bhfuil sé ina phointe fócais chun bailiú le chéile timpeall air

Teilifiseán

- Ar bhalla ionas gur féidir daingneáin agus feistis a cheangal go daingean
- Suite i gcúinne an tseomra chun dalladh ó fhuinneoga seachtracha a theorannú
- Suite sa chúinne chun an baol damáiste a theorannú.

Glacfar le haon áit oiriúnach eile agus cúis bhailí.

(c) Pléigh buntáiste amháin a bhaineann le sorn a chur san áireamh i seomra suí nua-aimseartha.


- Píosa lárnach do ghrúpa teacht le chéile timpeall air
- Soláthraíonn sé teas don teaghlach i bpríomhsheomra an tí chónaithe
- Tá sé neamhdhíobhálach don chomhshaol más adhmaid atá á úsáid mar bhreosla
- Laghdaíonn sé úsáid ola agus gáis chun an limistéar a théamh.

Aon chúis bhailí eile

Ceist 8


Droicheadú giarsaí

- Úsáidtear é chun giarsaí a choinneáil ingearach chun casadh a chosc
- Stalcann agus neartaíonn sé na giarsaí trína gceangal le chéile
- Úsáidtear é chun an t-ualach a scaipeadh ó ghiarsa amháin go giarsaí eile in aice láimhe
- Dhá mhodh: Droicheadú soladacha agus droicheadú trasnánach




Líníocht oibre

- Líníocht de réir scála le húsáid mar threoir agus troscán á thógáil nó foirgnimh á dtógáil.
- Cuimseoidh sé ingearchló, ingearchló deiridh, plean agus radhairc ghearrtha
- Cuimseoidh sé toisí agus faisnéis ghrafach chun cabhrú le tógáil an fhoirgnimh nó an déantúsáin
- Is féidir é a dhréachtú de láimh nó a chruthú trí Dearadh Ríomhchuidithe (CAD) a úsáid
- Ar a dtugtar pleananna foirgníochta nó gormchlónna go minic.




Solas dín

- Úsáidtear é ar dhromchlaí dín le haghaidh solas nádúrtha
- Tá na haonaid feistithe le déghloiniú, tríghloiniú nó ceathairghloiniú
- Is féidir an spás áiléir a úsáid mar sheomra inúsáidte.
- Mar chuid thábhachtach de dhearadh tí nua-aimseartha
- Tugann sé níos mó príobháideachta ná fuinneoga dormáinta.




Treisiú cruach

- Comhcheangailte le coincréit chun ábhar tógála láidir a chruthú ar a dtugtar coincréit threisithe
- Clúdaithe i struchtúir choincréite ualachiompartha chun neart a mhéadú agus an choincréit a choinneáil i dteannas
- Curtha ag doimhneacht de dhá thrian tiús na dúshraithe.
- Is gnách go mbíonn patrún ar an gcruach chun an nascáil agus an greim leis an gcoincréit ina bhfuil sí a fheabhsú
- Ar a dtugtar barra treisiúcháin go minic agus bíonn sé mar bharraí nó líontán ar féidir iad a cheangal le chéile ina gcléibh.




Caidéal teasa

- Úsáidtear é chun teas a bhaint as limistéar amháin go limistéar eile tríd an timthriall cuisniúcháin
- Úsáidtear gaothrán chun aer a chur thar chorna galaitheora, rud a bhaineann an fuinneamh teasa ón aer agus cuireann é sa chuisneán
- Déantar an cuisneán a chomhbhrú, rud a mhéadaíonn an teocht, agus déantar an teas seo a aistriú chuig uisce a ritheann trí radaitheoirí nó atá sa téamh faoi urlár.
- Tugtar caidéal teasa geoiteirmeacha ar chaidéil teasa a úsáideann an talamh le haghaidh téimh.




Maide mullaigh

- Ball cothrománach a chuirtear idir deireadh uachtair na rachtaí
- Déanann sé buaic de dhíon gearrtha
- Iompartha ag na rachtaí nó/agus ag an mballa binne
- Tugann sé dolúbthacht agus díríocht don díon
- Déantar rachtaí a thairneáil ar an maide mullaigh
- Gnáthmhéideanna - 225 × 32 mm, 225 × 25 mm.




Alt briosca

- Alt a úsáidtear go forleathan i ndéantúsaíocht troscáin nua-aimseartha chun ailt a chur as bun a chéile agus imeall a chur ar ailt.
- Alt a úsáidtear chun cláir de leithid agus tiúis éagsúla a cheangal
- Briosca déanta as feá brúite agus atá ar fáil i méideanna éagsúla
- Siúntálaí brioscaí a úsáidtear chun clais a chruthú in imill chodarsnacha ionas go n-oireann an briosca
- Cruthaíonn sé achar dromchla níos mó le haghaidh greamaithe agus mar sin neartaíonn sé an t-alt.




Teirmeastat seomra

- Mothaíonn sé teocht an aeir sa seomra agus déanann sé cumarsáid leis an gcóras teasa
- Rialaíonn sé teocht inmhianaithe ar fud an tí
- Is féidir é a bheith digiteach, mar dhail nó rialaithe le scáileán tadhaill
- Tá teirmeastait bhaile cliste ceangailte leis an Wi-Fi agus is féidir iad a rialú go cianda
- Tá bille teasa baile laghdaithe i gceist chomh maith le níos lú dramhaíola teasa tí.



Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

- Léiríonn deimhnithe BER feidhmíocht fuinnimh an tí
- Rátálann sé feidhmíocht fuinnimh an tí ó A - G
- Is é teach a bhfuil rátáil A aige an teach is tíosaí ar fhuinneamh agus beidh na billí fuinnimh is ísle aige
- Ríomhtar BER ar an bhfuinneamh a úsáidtear chun spás a théamh, uisce a théamh, aeráil agus solas a chur ar fáil i dteach
- Is é teach a bhfuil rátáil A aige an caighdeán tógála atá ann faoi láthair agus féadann sé an tarraingt do cheannaitheoirí agus do chíosaithe a fheabhsú.



Ceist 9

(a) Bailchríoch oiriúnach curtha i bhfeidhm chun an deicre a chaomhnú:

- Olaí (ola deicre, ola théice, ola troscáin)
- Leasaitheach bunaithe ar thuaslagóir
- Péint adhmaid amuigh
- Vearnais
- Ruaim dheicre



Dhá chúis le do rogha:

- Feabhas a chur ar chuma an deicre
- Cosnaíonn sé i gcoinne damáiste UV agus tréigin
- Leathnaíonn sé saolré an deicre bogadhmaid
- Coscann sé fás algaí ar na cláir dheicre
- Cosnaíonn sé na cláir i gcoinne lobhaidh agus meatha
- Athraíonn sé dath na gclár deicre.

Aon chúis bhailí eile

(b) Taispeáin dhá athrú ar an spás amuigh faoin aer a d'fhágadh go bhféadfaí é a úsáid i rith mhíonna an gheimhridh.


- Scoradán gaoithe a shuiteáil timpeall an deicre
- Díon buan a shuiteáil
- Foinse teasa a shuiteáil - Poll tine, téitheoir paitió lasmuigh, tinteán seachtrach.



(c) Pléigh dhá bhuntáiste d'áititheoirí a bhaineann le spás maireachtála amuigh faoin aer a chruthú.

- Spás inúsáidte an úinéara a mhéadú
- An nasc leis an dúlra agus a bheith amuigh faoin aer
- Limistéir chun béilí a ithe lasmuigh sna séasúir níos teo
- Luach athdhíola na maoine a mhéadú.

Aon chúis bhailí eile



Ceist 1

Cuid ingearach tríd an mballa agus trí na sceimhleacha		
Mionsonraí - gnáthmhéideanna		Marcanna
Cuid (a)		
Sclátaí 600 mm × 300 mm ar chaolaigh 50 mm × 30 mm		5
Scannán sceite		
Rachtaí 200 mm × 50 mm		
Giarsa síleála le hinsliú idir na giarsaí		5
Plástarchlár inslithe le brat scimeála		5
Maide balla 100 mm × 75 mm		5
Scannán aerdhíonach agus téip		
An tAerú		
Claonfhleasc, éadan, tarr agus gáitéar sceimhleacha		5
Bloc coincríte duille istigh		5
Inslíú cuais líonta iomlán 200 mm, ballacheangail agus dúntóir cuais		
Bloc coincríte duille amuigh		
Plástar inmheánach 13 mm agus rindreáil 19 mm		
Aon 7 x 5 mharc	Fo-iomlán	35
Aon trí ghnáth-thoise		4
Dréachtú, cruinneas agus scála	(ar fheabhas, maith, measartha)	8
	8 6 4	
	Fo-iomlán	12
Cuid (b)		
Taispeáin conas fáil réidh leis an uisce báistí ag na sceimhleacha.		
Gáitéar sceimhleacha / fánphíobán		3
	Fo-iomlán	3
	Iomlán	50 marc

Ceist 2

Bunurlár a insliú		
Sonraí		Marcanna
Cuid (a)		
Dhá bhuntáiste a bhaineann le bunurlár nua a thógáil ina bhfuil ardleibhéal inslithe.		
Buntáiste 1		5
Buntáiste 2		5
Fo-lomlán		10
Cuid (b)		
Taispeáin conas an t-urlár coinchréite a insliú		
Modh chun urlár a insliú	nóta & sceitse (8 + 8 marc)	16
Cineál inslithe roghnaithe do bhalla cuais		5
An tiús inslithe		5
Fo-lomlán		26
Cuid (c)		
Cineál oiriúnach urláir don chistin, agus tabhair dhá chúis le do rogha.		
Cineál oiriúnach urláir		6
Cúis 1		4
Cúis 2		4
Fo-lomlán		14
Iomlán		50 marc

Ceist 3

Ceangal agus soláthar uisce fhuair		
Mionsonraí - gnáthmhéideanna		Marcanna
Cuid (a)		
Píobobair ag teastáil chun uisce fuar a sholáthar do dhoirteal na cistine agus don umar stórála		
Soláthar príomhlíonra uisce		
Méadar uisce		
Príomhphíobán ardaitheach 15 mm		4
Doirteal na cistine		4
Ceangal le doirteal na cistine		4
Comhla liathróide		4
Umar stórála don uisce fuar		4
Insliú timpeall ar an umar stórála		4
Forsceitheadh 28 mm		4
Insliú píopaí		4
Comhlaí / caidéil		
Anótáil		
Aon 8 x 4 mharc	Fo-iomlán	32
Cáilíocht sceitse	(ar fheabhas, maith, measartha)	8
	8 6 4	
Fo-iomlán		8
Cuid (b)		
Dhá bhuntáiste a bhaineann le meadar uisce tí a shuiteáil		
Buntáiste 1		5
Buntáiste 2		5
	Fo-iomlán	10
	Iomlán	50 marc

Ceist 4

Cead pleanála			
Sonraí			Marcanna
Cuid (a)			
Dhá chúis leis an riachtanas iarratas ar chead pleanála a chur isteach			
Cúis 1			6
Cúis 2			6
Fo-lomlán			12
Cuid (b)			
Eolas nach mór a bheith i ngach ceann de na doiciméid phleanála seo a leanas.			
Fógra láithreáin	nóta & sceitse	(8 + 5 mharc)	13
Léarscáil shuíomh an láithreáin	nóta & sceitse	(8 + 5 mharc)	13
Fo-lomlán			26
Cuid (c)			
Buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le teach cónaithe a thógáil i mbaile.			
Buntáiste			6
Míbhuntáiste			6
Fo-lomlán			12
lomlán			50 marc

Ceist 5

Cuid ingearach tríd an mballa agus tríd an bhfuinneog		
Mionsonraí - gnáthmhéideanna		Marcanna
Cuid (a)		
Tarraing cuid ingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog		
Bloc coincríte duille amuigh		5
Cuas inslithe líonta go hiomlán		
Ballacheangail		
Bloc coincríte duille istigh		5
Plástar inmheánach 13 mm agus rindreáil sheachtrach 19 mm		5
Dúntóir cuais		5
DPC		5
Leac fuinneoige de choincréit réamhtheilgte le claisín / sileán		5
Clár fuinneoige		5
Téip aerdhíonach		
Fráma fuinneoige 120 mm × 80 mm		
Tríghloiniú		
Aon 7 x 5 mharc	Fo-iomlán	35
Aon trí ghnáth-thoise		3
Dréachtú, cruinneas agus scála	(ar fheabhas, maith, measartha)	8
	8 6 4	
	Fo-iomlán	11
Cuid (b)		
Taispeáin ar do líníocht sonraíocht dearaidh chun teacht isteach uisce a chosc ag leac na fuinneoige.		
Claisín / sileán / DPC		4
	Fo-iomlán	4
	Iomlán	50 marc

Ceist 6

Sábháilteacht Láithreáin		
Sonraí		Marcanna
Cuid (a) Taispeáin comhartha sábháilteachta do gach ceann de na míreanna (PPE) seo a leanas agus tabhair cúis shonrach amháin leis gur gá é a chaitheamh.		
Comhartha veiste sofheicthe agus cúis shonrach.	(6 + 3 mharc)	9
Comhartha buataisí sábháilteachta agus cúis shonrach	(6 + 3 mharc)	9
Comhartha clogad sábháilteachta agus cúis shonrach	(6 + 3 mharc)	9
Fo-lomlán		27
Cuid (b) Liostaigh dhá riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrithe tógála nuair a bhíonn siad ag obair i dtochailtí trinsí doimhne.		
Riosca 1		5
Riosca 2		5
Fo-lomlán		10
Cuid (c) Taispeáin réamhchúram sábháilteachta amháin nach mór d'oibrithe a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad ag obair i dtrinse domhain.		
Réamhchúram sábháilteachta	nóta & sceitse (8 + 5 mharc)	13
Fo-lomlán		13
Iomlán		50 marc

Ceist 7

Rochtain ar an seomra suí agus dearadh an limistéir		
Sonraí		Marcanna
Cuid (a) Sceitseáil seomra suí agus taispeáin rochtain ar an gcistin. Pléigh buntáiste amháin a bhaineann le rochtain ar an gcistin a chur san áireamh.		
Sceitse den seomra suí		8
Rochtain oiriúnach ón gcistin		6
Buntáiste		6
Fo-lomlán		20
Cuid (b) Taispeáin an suíomh is fearr leat agus cúis le gach ceann díobh seo a leanas; tolg (3 shuíochán), tolg (2 shuíochán), sorn agus teilifís.		
Suíomh agus cúis bhailí do shuíomh tholg 3 shuíochán	(3 + 3 mharc)	6
Suíomh agus cúis bhailí do shuíomh tholg 2 shuíochán	(3 + 3 mharc)	6
Suíomh agus cúis bhailí do shuíomh an tsoirn	(3 + 3 mharc)	6
Suíomh agus cúis bhailí do shuíomh an teilifíseáin	(3 + 3 mharc)	6
Fo-lomlán		24
Cuid (c) Pléigh buntáiste amháin a bhaineann le sorn a chur san áireamh i seomra suí nua-aimseartha.		
Buntáiste		6
Fo-lomlán		6
Iomlán		50 marc

Ceist 8

Téarmaí Tógála	
Sonraí	Marcanna
Mír a haon	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a dó	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a trí	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a ceathair	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a cúig	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Iomlán	50 marc

Ceist 9

Spás maireachtála amuigh			
Sonraí			Marcanna
Cuid (a)			
Bailchríoch fheidhmithe oiriúnach agus dhá chúis le do rogha.			
Bailchríoch oiriúnach			4
Cúis 1			4
Cúis 2			4
Fo-lomlán			12
Cuid (b)			
Taispeáin dhá athrú ar an spás amuigh faoin aer a d'fhágfadh go bhféadfaí é a úsáid i rith mhíonna an gheimhridh.			
Athrú 1 ar an spás	<i>nótaí + sceitse</i>	<i>(8 + 5 mharc)</i>	13
Athrú 2 ar an spás	<i>nótaí + sceitse</i>	<i>(8 + 5 mharc)</i>	13
Fo-lomlán			26
Cuid (c)			
Dhá bhuntáiste d'áititheoirí a bhaineann le spás maireachtála amuigh faoin aer a chruthú.			
Buntáiste 1			6
Buntáiste 2			6
Fo-lomlán			12
Iomlán			50 marc



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

Staidéar Foirgníochta

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

(150 marc)

OBAIR CHÚRSA –
DEARADH AGUS CUR i gCRÍCH



Scrúdú na hArdteistiméireachta
Staidéar Foirgníochta
Obair Chúrsa Praiticiúil
Scéim Mharcála

Critéir Mharcála		Marcanna
A	Pleanáil an Tionscnaimh - Roghnú an obair chúrsa, taiscéalaíocht agus pleanáil bhainistíochta - Fiosrú agus taighde cuí - Forbairt dearaidh trí sceitsí anótáilte, shamhlacha nó líníochtaí oibre	40
B	Tuairisc a Scríobh - Fóilió dearaidh le sonraí den phleanáil, den taighde, den déanamh agus den mheasúnú ar an obair chúrsa - Seicheamh monaraithe, san áireamh fianaise ghrianghrafadóireachta agus/nó sceitsí - Breithmheas criticiúil agus conclúidí ó thaithí an obair chúrsa	35
C	Scileanna Lámhsiúcháin - Marcáil amach na n-ábhar - Próiseáil ábhar - Cóimeáil agus slacht na n-ábhar	40
D	Léiriú an Tionscnaimh - Cáilíocht fhoriomlán agus cur i láthair an déantáin - Caighdeán foriomlán agus cur i láthair an fhóilió dearaidh - Raon agus doimhneacht na scileanna le feiceáil san obair an chúrsa	35
Total		150

Nóta: Cé go bhfanfaidh na ceannteidil ghinearálta agus na marcanna thuas mar an gcéanna den chuid is mó, d'fhéadfadh na miondealuithe a bheith éagsúil bliain ar bith.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

